2025/1771

11.9.2025

# CINNEADH (AE) 2025/1771 ÓN gCOIMISIÚN

## an 8 Meán Fómhair 2025

## maidir le táillí atá dlite do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh as a cúraimí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 32 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Teastaíonn sláine agus trédhearcacht na margaí mórdhíola fuinnimh chun iomaíocht oscailte chóir a áirithiú sna margaí inmheánacha leictreachais agus gáis agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh. Le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear creat cuimsitheach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, cuireadh de chúram ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') faireachán a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola fuinnimh chun a áirithiú, i ndlúthchomhar leis na húdaráis rialála náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta eile, go ndéanfar maoirseacht éifeachtach orthu. Le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942, tugadh isteach táillí chun feabhas a chur ar chistiú na Gníomhaireachta agus chun costais a bhaineann lena feidhmeanna faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a chumhdach.

(3) Leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942 raon feidhme agus bunphrionsabail na scéime táillí agus cuirtear de chúram ar an gCoimisiún na táillí agus an bealach a n-íocfar iad a shocrú, rud a rinne an Coimisiún le glacadh Chinneadh (AE) 2020/2152 ([3]). Leis an maoiniú méadaithe atá ar fáil don Ghníomhaireacht, cuireadh ar a cumas don Ghníomhaireacht feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht d'eintitis a thuairiscíonn sonraí agus do rannpháirtithe sa mhargadh i gcoitinne.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún ([4]) bunaítear an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú ag an Aontas faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar bhuiséad an Aontais. Is comhlacht den sórt sin í an Ghníomhaireacht agus, mar a cheanglaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715, ghlac sí a rialacha airgeadais féin, Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta ([5]), atá i gcomhréir leis na rialacha sin de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1227/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/2152 ó gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 maidir le táillí atá dlite do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh le haghaidh faisnéis arna tuairisciú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú (IO L 428, 18.12.2020, lch. 68, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2152/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122 10.5.2019 lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

([5]) Cinneadh 8/2019 ó Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh an 21 Meitheamh 2019 maidir le Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

(5) I ndoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942 agus le hAirteagal 32 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, tá clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil ann, agus sa chomhthéacs sin leagtar amach go mionsonraithe cúraimí na Gníomhaireachta agus na hacmhainní arna n-imscaradh le haghaidh na gcúraimí sin. Dá bhrí sin, is é an doiciméad clársceidealaithe an uirlis iomchuí chun na costais sin atá incháilithe lena gcumhdach le táillí de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942 a shainaithint.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942, tugann an Coimisiún tuairim maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe na Gníomhaireachta, lena n-áirítear tograí na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann leis na costais a mheastar a bheith incháilithe do chistiú le táillí.

(7) De réir aithris 37 de Rialachán (AE) 2019/942, ba cheart an Ghníomhaireacht a mhaoiniú go príomha ó bhuiséad ginearálta an Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart an t-ioncam ó tháillí a bheith níos mó ná an ranníocaíocht leis an nGníomhaireacht ó bhuiséad an Aontais.

(8) Chun trédhearcacht a sholáthar nach n-úsáidtear táillí ach amháin chun costais incháilithe a chumhdach agus go bhfuil an Ghníomhaireacht fós le maoiniú go príomha ó bhuiséad ginearálta an Aontais, ba cheart faisnéis a sholáthar sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, faoi na foinsí éagsúla ioncaim a fhaightear agus faoi úsáid an ioncaim sin.

(9) I bhfianaise na margaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn agus na géarchéime fuinnimh, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 i mí na Bealtaine 2024 le Rialachán (AE) 2024/1106 ó Pharlamint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), lenar tugadh isteach roinnt athruithe ar chreat tuairiscithe na sonraí a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh. Mar shampla, ní mór mionsonraí na n-idirbheart a bhaineann le stóráil leictreachais, hidrigine nó gáis nádúrtha chomh maith le hidirbhearta a bhaineann le margaí cothromúcháin a thuairisciú don Ghníomhaireacht. Chomh maith leis sin, bíonn costais mhéadaithe arna dtabhú ag an nGníomhaireacht mar thoradh ar athruithe ar an margadh, mar shampla níos mó trádála ardmhinicíochta, chomh maith le boilsciú. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2024/1106, cuireadh cúram nua ar an nGníomhaireacht cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdúcháin a fheidhmiú de bhun Airteagail 13 go 13c agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

(10) Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, arna leasú, nár cheart do rannpháirtithe sa mhargadh na sonraí a leagtar amach in Airteagal 7c agus Airteagal 8 den Rialachán sin a thuairisciú ach amháin trí shásraí tuairiscithe cláraithe agus faisnéis a nochtadh agus tuarascálacha faisnéise ón taobh istigh a chur isteach trí ardáin faisnéise ón taobh istigh. Tá sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh le húdarú ag an nGníomhaireacht de réir ceanglais áirithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, arna leasú, agus arna mionsonrú a thuilleadh ag an gCoimisiún trí bhíthin rialachán tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 4a(8) agus Airteagal 9a(6) den Rialachán céanna. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas ag na sásraí tuairiscithe cláraithe agus na hardáin faisnéise ón taobh istigh ar dá réir a údaraíodh iad agus, i gcás ina gcinnfidh sí go bhfuil siad neamhchomhlíontach, déanfaidh sí a n-údaruithe a tharraingt siar. comhlíontacht le".

(11) Leasaíodh Rialachán (AE) 2019/942 freisin chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a léiriú. Go sonrach, de bhun Airteagal 32 leasaithe de Rialachán (AE) 019/94, maidir le táillí atá dlite don Ghníomhaireacht, ba cheart a chumhdach leo cúraimí na Gníomhaireachta maidir le faisnéis arna tuairisciú ag rannpháirtithe sa mhargadh, nó ag daoine nó eintitis a thuairiscíonn thar a gceann, de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú agus maidir le faisnéis ón taobh istigh a nochtadh de bhun Airteagail 4 agus 4a den Rialachán sin. Féadfaidh an t-ioncam ó na táillí sin costais na Gníomhaireachta a chumhdach freisin as na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdúcháin a fheidhmiú de bhun Airteagail 13 go 13c agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011. Féadfaidh an méid atá le cumhdach le táillí arna socrú ag an nGníomhaireacht a bheith níos ísle ná na costais incháilithe iomlána.

(12) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942, ba cheart na táillí a bheith comhréireach le costais na seirbhísí ábhartha mar a sholáthraítear iad ar bhealach costéifeachtach agus ba cheart iad a bheith leordhóthanach chun na costais sin a chumhdach agus ba cheart iad a shocrú ar an leibhéal sin lena n-áiritheofar go mbeidh siad neamh-idirdhealaitheach agus lena seachnófar ualach míchuí airgeadais nó riaracháin a chur ar rannpháirtithe sa mhargadh nó ar eintitis atá ag gníomhú thar a gceann.

([6]) Rialachán (AE) 2024/1106 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh (IO L 2024/1106 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1106/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigine, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938 agus (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú) (IO L 2024/1789 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1789/oj).

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2020/2152 a aisghairm chun na modhnuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1106 agus le Rialachán (AE) 2024/1789 a chur san áireamh.

(14) Le Cinneadh (AE) 2020/2152, cuireadh an oibleagáid ar shásraí tuairiscithe cláraithe na táillí a íoc, trínar thuairiscigh formhór na rannpháirtithe sa mhargadh taifid sonraí an tráth sin. Maidir le sásraí tuairiscithe cláraithe, tá siad cláraithe ag an nGníomhaireacht faoi láthair ar bhonn Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún ([8]). Cláraíonn an Ghníomhaireacht ardáin faisnéise ón taobh istigh freisin, trína nochtann rannpháirtithe sa mhargadh faisnéis ón taobh istigh. Cé go mbeidh gá le sásraí tuairiscithe cláraithe a bheith údaraithe ag an nGníomhaireacht amach anseo de bhun Airteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, ba cheart an sainmhíniú ar shásraí tuairiscithe cláraithe agus tagairtí ábhartha dóibh a léiriú go leanfaidh an ceanglas maidir le táille a íoc d'fheidhm a bheith aige maidir leis na sásraí tuairiscithe cláraithe atá cláraithe leis an nGníomhaireacht cheana fiú mura bhfuil siad údaraithe go fóill. Go dtí seo, níor cumhdaíodh ardáin faisnéise ón taobh istigh le Cinneadh (AE) 2020/2152. Mar sin féin, ós rud é, de réir na leasuithe reachtacha thuasluaite, gur cheart táillí a bheith dlite don Ghníomhaireacht ag ardáin faisnéise ón taobh istigh, tá feidhm ag an gCinneadh seo freisin maidir le hardáin faisnéise ón taobh istigh agus go sonrach a luaithe a údaraítear iad de bhun Airteagal 4a de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

(15) Áirítear sa Chinneadh seo freisin sainmhíniú nua ar thaifead idirbhirt, le tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 chun a áirithiú nach ndéanfaidh aon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 difear don sainmhíniú sin. Tá an sainmhíniú ríthábhachtach chun braislí sonraí a shainaithint agus, dá bhrí sin, chun táillí a ríomh agus ba cheart, dá bhrí sin, é a mhionsonrú go leordhóthanach. Chun braislí sonraí a shainaithint, meastar rannpháirtí sa mhargadh a bheith ina thairbhí den idirbheart nó, mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, ina chontrapháirtí de chuid an idirbhirt.

(16) Le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, arna leasú, tugtar isteach oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh tuairisciú don Ghníomhaireacht chun faisnéis a sholáthar faoina neamhchosaintí. Ba cheart an ceanglas tuairiscithe nua sin a chumhdach agus a léiriú sa Chinneadh seo.

(17) Is iad príomhspreagthaí costais na seirbhísí ábhartha, agus dá bhrí sin príomhspreagthaí costais chostais incháilithe na Gníomhaireachta, an líon sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh, an líon rannpháirtithe sa mhargadh a thuairiscíonn siad lena n-aghaidh agus an méid sonraí a thuairiscíonn siad agus saintréithe na sonraí sin. Chun na spreagthaí costais sin a léiriú, ba cheart an táille nach mór do gach sásra tuairiscithe cláraithe a íoc a bheith ina meascán de bhunmhéid, mar atá comhpháirt na buntáille cláraithe, agus méid athraitheach, mar atá comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt. Braitheann an dara ceann díobh sin ar an líon rannpháirtithe sa mhargadh a bhfuil sonraí á dtuairisciú ag an sásra tuairiscithe cláraithe ina leith chomh maith le méid agus saintréithe na sonraí tuairiscithe.

(18) Mar thoradh ar na hathruithe a tugadh isteach le Rialacháin (AE) 2024/1106 agus (AE) 2024/1789, tá méadú suntasach tagtha ar chostais na Gníomhaireachta nach mór a chumhdach le táillí. Dá bhrí sin, ba cheart comhpháirt na buntáille cláraithe agus an t-ioncam a ghintear ó chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt ar aon a mhéadú sa Chinneadh seo. Ag an am céanna, níor cheart na táillí a bheith ina n-ualach airgeadais míchuí ar shásraí tuairiscithe cláraithe ná, dá bhrí sin, ar rannpháirtithe sa mhargadh ar bhonn indíreach. Dá bhrí sin, ba cheart an méadú ar an ioncam a ghintear ó chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a bhaint amach ar bhealach comhréireach lena seachnaítear méadú mór ar ioncam a eascraíonn as rannpháirtithe níos lú sa mhargadh a thuairiscíonn líon íseal taifead idirbhirt ach lena seachnaítear freisin méadú iomarcach ar ioncam a eascraíonn as rannpháirtithe sa mhargadh a thuairiscíonn líon ard taifead idirbhirt.

(19) Ba cheart go léireodh an bunmhéid costais na Gníomhaireachta chun iarratais phróiseáil ar shásraí tuairiscithe cláraithe a údarú nó a chlárú agus chun a áirithiú go leanfaidh sásraí tuairiscithe cláraithe atá údaraithe nó cláraithe cheana de na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a chomhlíonadh. Amach anseo, déanfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a mhionsonrú a thuilleadh trí bhíthin rialachán tarmligthe de réir Airteagal 4a(8) agus Airteagal 9a(6) den Rialachán céanna. Ós rud é go dtabhaíonn an Ghníomhaireacht na costais sin gan beann ar cibé acu a thuairiscíonn na sásraí tuairiscithe cláraithe taifid idirbhirt nó sonraí bunúsacha, ba cheart do na sásraí tuairiscithe cláraithe uile an bunmhéid a íoc.

(20) De bhun Airteagal 4a de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus a luaithe a ghlacfar an gníomh tarmligthe ábhartha lena bhforlíontar an tAirteagal sin, tá an Ghníomhaireacht le bheith i gceannas ar ardáin faisnéise ón taobh istigh a údarú agus a mhaoirsiú, rud atá coibhéiseach le maoirseacht a dhéanamh ar shásraí tuairiscithe cláraithe. Dá bhrí sin, ba cheart d'ardáin faisnéise ón taobh istigh táille sheasta a íoc atá coibhéiseach le comhpháirt na buntáille cláraithe nach mór do shásraí tuairiscithe cláraithe a íoc.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 maidir le sonraí a thuairisciú i dtaca le cur chun feidhme Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 363, 18.12.2014, lch. 121, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1348/oj).

(21) Maidir le sonraí bunúsacha ar nós faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí i ndáil le táirgeadh, stóráil, tomhaltas nó tarchur leictreachais nó gáis nádúrtha, nó faisnéis a bhaineann le hacmhainneacht agus úsáid saoráidí GNL, ní bhailíonn an Ghníomhaireacht iad ach chun na taifid idirbhirt a bhailítear a chomhlánú. Dá bhrí sin, níor cheart sonraí bunúsacha a áireamh i ríomh na comhpháirte táille athraithí. Ós rud é gur spreagthóir suntasach costais don Ghníomhaireacht é stádas sásra tuairiscithe chláraithe ann féin, ba cheart do shásraí tuairiscithe cláraithe a thuairiscíonn sonraí bunúsacha comhpháirt na buntáille a íoc mar sin féin.

(22) Chun nach socrófar ualach airgeadais míchuí ar shásraí tuairiscithe cláraithe, ba cheart méid athraitheach chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt méid na dtaifead idirbhirt tuairiscithe a léiriú, atá nasctha le méid na trádála agus, dá bhrí sin, le hioncam fhéideartha an tsásra tuairiscithe chláraithe. Ba cheart a chur san áireamh sa chomhpháirt athraitheach go dtuairiscíonn go leor sásraí tuairiscithe cláraithe sonraí le haghaidh an iliomad rannpháirtithe sa mhargadh a bhíonn gníomhach go minic i roinnt ionad margaidh eagraithe agus a bhfuil bealaí trádála éagsúla á n-úsáid acu.

(23) Chun drochúsáid mhargaidh a nochtadh go héifeachtach, ní hamháin go mbailíonn an Ghníomhaireacht sonraí maidir leis an trádáil agus conarthaí eile, ach bailíonn sí méid suntasach sonraí freisin maidir le horduithe chun trádála a chuirtear ar ionaid mhargaidh eagraithe amhail malartuithe fuinnimh. Dá bhrí sin, ba cheart orduithe chun trádála a chumhdach leis an scéim táillí freisin chun comhréireacht costais a áirithiú. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart faisnéis saolré a chumhdach leis an scéim táillí freisin.

(24) Tá leibhéal caighdeánaithe níos airde ná trádáil táirgí mórdhíola fuinnimh lasmuigh d' ionaid mhargaidh eagraithe ina shaintréith de thrádáil táirgí den sórt sin ar ionaid mhargaidh eagraithe. Thairis sin, áirítear orduithe chun trádála i dtaifid idirbhirt thuairiscithe a eascraíonn as ionaid mhargaidh eagraithe. Tá forbairtí margaidh i dtrádáil conarthaí caighdeánacha amhail trádáil algartamach agus trádáil ardmhinicíochta ag éirí níos tábhachtaí, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar an líon orduithe chun trádála a thuairiscítear ó ionaid mhargaidh eagraithe in aghaidh an chonartha soláthair chaighdeánaigh i gcomparáid le conarthaí soláthair a thugtar i gcrích lasmuigh d'ionaid mhargaidh eagraithe. Ba cheart, dá bhrí sin, taifid idirbhirt ar tháirgí mórdhíola fuinnimh a eascraíonn as ionaid mhargaidh eagraithe a ualú ar bhealach atá éagsúil leis na cinn a eascraíonn as áiteanna margaidh eagraithe lasmuigh agus comhpháirt na táille athraithí á ríomh.

(25) De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 agus a luaithe a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme ábhartha lena bhforlíontar an tAirteagal sin, tuairisceoidh sásraí tuairiscithe cláraithe neamhchosaint rannpháirtithe sa mhargadh don Ghníomhaireacht le haghaidh gach rannpháirtí aonair sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart comhpháirt táillí tiomnaithe a thabhairt isteach lena socrófar méid socraithe do gach tuarascáil den sórt sin, gan beann ar a hinneachar ná ar a fad.

(26) De bhun Airteagal 71 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, ní dhéanfaidh gníomhaireacht seirbhísí a sholáthar go dtí go mbeidh an táille chomhfhreagrach íoctha ina hiomláine. Ós rud é go ríomhtar na táillí ar bhonn mhéid na dtaifead idirbhirt a thuairiscítear agus na dtuarascálacha faisnéise ón taobh istigh a cuireadh isteach an bhliain roimhe sin, ní féidir na méideanna is infhaighte a shuí, ná sonraisc a sheoladh amach, ach amháin ag tús gach bliana. Mar sin féin, ba cheart sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh a bheith in ann sonraí a thuairisciú go leanúnach agus tuarascálacha faisnéise ón taobh istigh a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, agus dá bhrí sin sula n-íoc siad an sonrasc don bhliain ar leith. Maidir le sásraí tuairiscithe cláraithe a scoireann de bheith údaraithe nó cláraithe ag an nGníomhaireacht, níor cheart iad a bheith i dteideal aon aisíocaíocht ar tháillí a íocadh ná aon tarscaoileadh táillí atá dlite. Ar an gcaoi chéanna, maidir le hardáin faisnéise ón taobh istigh a scoireann de bheith údaraithe ag an nGníomhaireacht, níor cheart iad a bheith i dteideal aon aisíocaíocht ar tháillí a íocadh ná aon tarscaoileadh táillí atá dlite.

(27) I gcás ina bhfuil feidhm ag méid ceartúcháin dearfach nó diúltach chun difríochtaí a chomhardú idir comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh an bhliain roimhe sin agus comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a d'íocfaí de réir an tuairiscithe iarbhír an bhliain sin, ba cheart ríomh an mhéid ceartúcháin a bhunú ar chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh go hiarbhír an bhliain roimhe sin, seachas ar an méid a ríomhadh ar dtús, ós rud é go bhfuil an méid a íocadh go hiarbhír éagsúil ón méid a ríomhadh ar dtús i gcás ina bhfuil feidhm ag fachtóir laghdaithe.

(28) Ós rud é go dtabhaíonn an Ghníomhaireacht costais bhreise atá le cumhdach le táillí cheana in 2025, ba cheart í a bheith in ann formhuirear a thobhach arb ionann é agus an difríocht idir an t-ioncam ó tháillí arna mbuiséadú i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta le haghaidh 2025-2027 agus suim na méideanna a sonrascadh cheana in 2025. Ba cheart an formhuirear a ríomh ar bhealach simplí ionas go mbeidh sásraí tuairiscithe cláraithe in ann a shainaithint go héasca cén tionchar a bhíonn ag na rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh, a bhfuil sonraí á dtuairisciú acu thar a gceann, ar an bhformhuirear sonrasctha. Dá bhrí sin, ba cheart an formhuirear a bheith ag brath ar an líon rannpháirtithe sa mhargadh a bhfuil sásra tuairiscithe cláraithe ag tuairisciú taifead idirbhirt ina leith. I gcás ina dtuairiscíonn rannpháirtí sa mhargadh sonraí trí níos mó ná sásra tuairiscithe cláraithe amháin, chuirfí an rannpháirtí sin sa mhargadh san áireamh mar sin féin le haghaidh gach sásra tuairiscithe chláraithe agus an formhuirear á ríomh. Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhformhuirear ar na muirir a íocann rannpháirtithe sa mhargadh le sásra tuairiscithe cláraithe, níor cheart rannpháirtithe sa mhargadh a scoir de bheith ina rannpháirtithe sa mhargadh níos luaithe in 2025 a chur san áireamh agus an formhuirear á ríomh.

(29) Chun a áirithiú go bhfaighidh an Ghníomhaireacht ioncam leordhóthanach ó tháillí chun a costais incháilithe a chumhdach, ba cheart an rogha a bheith ag an nGníomhaireacht formhuirear a chur leis na sonraisc a seolfar amach i mí Eanáir 2026. Ba cheart an formhuirear sin a bheith bunaithe ar an líon rannpháirtithe sa mhargadh a dtuairiscíonn sásra tuairiscithe cláraithe taifid idirbhirt ina leith. Ós rud é go ríomhtar an formhuirear féideartha in 2026 an tráth céanna leis na comhpháirteanna táille eile, is féidir an ríomh a bhunú ar an líon rannpháirtithe sa mhargadh a shainaithnítear le haghaidh sásra tuairiscithe cláraithe agus comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt á ríomh. Chun críoch deimhneachta dlíthiúla agus chun dearbhú a thabhairt do shásraí tuairiscithe cláraithe nach n-úsáidtear an rogha sin chun costais incháilithe na Gníomhaireachta a mhéadú go míchuí, ba cheart uasteorainn a chur leis an ioncam iomlán is féidir leis an nGníomhaireacht a fháil, lena n-áirítear an formhuirear sin, chuig an ioncam measta ó tháillí mar a chuirtear i láthair iad i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta le haghaidh 2025-2027 nó chuig an ioncam ó tháillí arna mbuiséadú i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta le haghaidh 2026-2028, cibé acu den dá luach is ísle.

(30) Tá ríomh chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt an-éagsúil ó 2026 ar aghaidh i gcomparáid le ríomh na comhpháirte sin sna blianta roimhe sin. In 2026 d'fhéadfadh luachanna áibhéalacha don mhéid ceartúcháin a bheith mar thoradh air sin nuair a ríomhtar é chun difríochtaí a chothromú idir comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh in 2025 agus comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a d'íocfaí de réir an tuairiscithe iarbhír in 2025. In 2026, dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht an méid ceartúcháin a ríomh trí chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh in 2025 a dhealú ó chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt arna ríomh, ach ó luach réamhchinntithe arna ríomh de réir na bhfo-chomhpháirteanna táillí in aghaidh na braisle sonraí is infheidhme roimh ghlacadh an Chinnidh seo.

(31) Tuairiscítear tuarascálacha risíochta ex-post, agus dá bhrí sin sa bhliain ina dtagann an oibleagáid tuairiscithe risíochta chun bheith infheidhme ('an bhliain tagartha') gheobhaidh an Ghníomhaireacht níos lú tuarascálacha risíochta ná mar a gheobhaidh sí sna blianta ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní mór an líon tuarascálacha ar neamhchosaint a thuairiscíonn sásra tuairiscithe cláraithe sa bhliain tagartha a oiriúnú chun bheith ina bhonn cuí chun comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint sa bhliain féilire tar éis na bliana tagartha a ríomh. Ní ríomhfar comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint sa bhliain tagartha.

(32) Chun nach mbeadh gá leis an gCinneadh seo a leasú toisc nach leor an t-ioncam ó tháillí chun costais incháilithe mar gheall ar bhoilsciú a chumhdach, agus ar an gcúis sin amháin, ba cheart táillí a choigeartú go huathoibríoch don bhoilsciú má thiteann ioncam ó tháillí faoi bhun na gcostas incháilithe. Thairis sin, chun go mbeidh sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh in ann ullmhú do na hathruithe ar na comhpháirteanna táille éagsúla, níor cheart éifeacht a bheith ag an gcoigeartú ach amháin an bhliain dár gcionn agus ba cheart don Ghníomhaireacht é a fhógairt luath go leor roimh ré.

(33) Ba cheart don Ghníomhaireacht sonraisc a sheoladh chuig sásraí tuairiscithe cláraithe agus ardáin faisnéise ón taobh istigh. Ós rud é go gcinntear na táillí go hiomlán leis an gCinneadh seo, arb é an bunús é leis an nGníomhaireacht lena mbunaítear na méideanna is infhaighte, i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta, ba cheart na sonraisc a bheith ina nótaí dochair.

(34) Ba cheart faisnéis a áireamh sna sonraisc a sheoltar chuig sásraí tuairiscithe cláraithe faoin gcaoi ar ríomhadh an táille chun é a dhéanamh trédhearcach don sásra tuairiscithe cláraithe cén chaoi a bhfuil sonraí á dtuairisciú ag na rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh chun rannchuidiú leis an táille shonrasctha. Chun ualach airgeadais míchuí ar shásraí tuairiscithe cláraithe a sheachaint, ba cheart é a bheith indéanta sonraisc mhóra a íoc ina dtráthchodanna i gcomhaontú leis an nGníomhaireacht. Ag an am céanna, ní mór ioncam rialta agus inphleanáilte ó tháillí a bheith ag an nGníomhaireacht chun go mbeidh sí in ann a costais a chumhdach agus a caiteachas a phleanáil dá réir. D'fhéadfadh sé go gciallódh an méadú ar ioncam ó tháillí nach mbeadh sciar suntasach den ioncam sin ar fáil don Ghníomhaireacht níos déanaí sa bhliain dá gcloífí le sprioc-am an 30 Meán Fómhair le haghaidh na sonrasc uile. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag sprioc-am an 30 Meán Fómhair ach amháin maidir leis na sonraisc is airde, ach ba cheart sonraisc níos ísle a íoc tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh.

(35) Maidir le cinneadh a dhéanamh i ndáil lena mhéid is féidir le hoibreoirí córais tarchurtha leictreachais nó gáis ar sásraí tuairiscithe cláraithe iad costais a aisghabháil, ar costais iad a thabhaítear de bharr iallach a bheith orthu na táillí a íoc atá dlite don Ghníomhaireacht ó úsáideoirí gréasáin trí tharaifí gréasáin, is cuid de dhualgais agus de chumhachtaí údaráis rialála na mBallstát é de bhun Airteagal 59(1) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus Airteagal 78(1) de Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint agus ón gComhairle ([10]).

([9]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158 14.6.2019 lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

([10]) Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (athmhúnlú) (IO L 2024/1788 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

(36) Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942 scrúdú rialta a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí. Ba cheart é sin a dhéanamh in éineacht leis na meastóireachtaí ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/942. Ní chuireann ceanglas den sórt sin cosc ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim táillí go neamhspleách ar na meastóireachtaí sin.

(37) I gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942, rinneadh comhairliúchán poiblí agus chuathas i gcomhairle le Bord Riaracháin agus Bord Rialálaithe na Gníomhaireachta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Socraítear leis an gCinneadh seo na táillí agus an bealach a n-íocfar iad le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo feasta, de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/942.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar 'ardán faisnéise ón taobh istigh' mar a leagtar síos in Airteagal 2(17) é agus 'ionad margaidh eagraithe' mar a leagtar síos in Airteagal 2(20) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 é agus ag an sainmhíniú ar 'sonraí bunúsacha' mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 é.

Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sásra tuairiscithe cláraithe' eintiteas arna údarú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 nó arna chlárú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 chun taifid idirbhirt nó sonraí bunúsacha a thuairisciú;

(2) ciallaíonn 'taifead idirbhirt' tacar sonraí aonair ina bhfuil mionsonraí faoi thrádáil, ordú chun trádála, is cuma é a bheith meaitseáilte nó gan bheith, nó trádáil dhéthaobhach a bhaineann le táirgí mórdhíola fuinnimh, lena n-áirítear aon teagmhas saolré de chuid na dtrádálacha sin, na n-orduithe chun trádála nó na dtrádálacha déthaobhacha sin, ar tacar é a thuairiscítear don Ghníomhaireacht, gan sonraí a bhaineann le horduithe arna nginiúint ag córas a áireamh;

(3) ciallaíonn 'tuarascáil ar neamhchosaint' aighneacht aonair ó shásra tuairiscithe cláraithe thar ceann rannpháirtí sa mhargadh chuig an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ina bhfuil faisnéis ar an mbonn a ríomhann an Ghníomhaireacht neamhchosaintí an rannpháirtí margaidh sin;

(4) ciallaíonn 'rannpháirtí margaidh' eintiteas atá cláraithe leis an údarás rialála náisiúnta sa Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

*Airteagal 3*

**Costais a chumhdaítear leis na táillí**

(1) Sa doiciméad clársceidealaithe, lena n-áirítear an buiséad, arna ghlacadh ag Bord Riaracháin na Gníomhaireachta faoin 31 Nollaig gach bliain de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942, dá ngairtear an 'doiciméad clársceidealaithe' anseo feasta, sainaithneofar na costais sin atá incháilithe do chistiú le táillí an bhliain dár gcionn agus soláthrófar meastachán ar na costais incháilithe a bhfuil sé beartaithe iad a chistiú le táillí ar feadh 2 bhliain bhreise ina dhiaidh sin. Is costais incháilithe iad na costais, lena n-áirítear forchostais, arna dtabhú ag an nGníomhaireacht trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis arna tuairisciú ag sásraí tuairiscithe cláraithe a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú;

(b) faisnéis arna tuairisciú ag ardáin faisnéise ón taobh istigh a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú;

(c) na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe a fheidhmiú de bhun Airteagail 13 go 13c agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011.

(2) Socrófar sa doiciméad clársceidealaithe an méid atá le cumhdach le táillí an bhliain dár gcionn. Maidir leis an méid sin:

(a) ní sháróidh sé na costais incháilithe de bhun mhír 1;

(b) beidh sé níos ísle ná ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht de réir bhuiséad an Aontais le haghaidh na bliana ar leith.

(3) Soláthróidh an Ghníomhaireacht faisnéis mhionsonraithe maidir le méid na dtáillí a bailíodh agus na costais a cumhdaíodh leis na táillí an bhliain roimhe sin sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí de bhun Airteagal 48 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta. Cuirfidh an Ghníomhaireacht na ranna sonracha den tuarascáil sin ar fáil don phobal.

*Airteagal 4*

**Oibleagáid táillí a íoc: Sásraí tuairiscithe cláraithe**

(1) Beidh táille bhliantúil arna ríomh de bhun Airteagal 6 le híoc ag gach sásra tuairiscithe cláraithe. Íocfar na táillí uile in EUR.

(2) Faoin 31 Eanáir gach bliain ar a dhéanaí seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig gach sásra tuairiscithe cláraithe le haghaidh na táille bliantúla atá le híoc laistigh de sprioc-am 4 seachtaine. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil sa sonrasc maidir le conas a ríomhadh an táille sin. Féadfaidh an Ghníomhaireacht agus sásra tuairiscithe cláraithe a chomhaontú go frithpháirteach go n-íocfar sonraisc ar mó iad ná EUR 250 000 ina dtráthchodanna. Ní bheidh an sprioc-am le haghaidh íocaíocht na tráthchoda deiridh i gcás sonraisc os cionn EUR 250 000 agus suas le EUR 1 000 000 níos déanaí ná an 30 Meitheamh agus ní bheidh an sprioc-am le haghaidh íocaíocht na tráthchoda deiridh i gcás sonraisc os cionn EUR 1 000 000 níos déanaí ná an 30 Meán Fómhair.

(3) I gcás ina ndéanann eintiteas iarratas ar bheith ina shásra tuairiscithe cláraithe, seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig an eintiteas arb ionann é agus 50 % de chomhpháirt na buntáille cláraithe de bhun phointe (a) d'Airteagal 6(1) agus ní ghlacfaidh sí leis an iarratas go dtí go n-íocfar an sonrasc. I gcás ina ndiúltaíonn an Ghníomhaireacht don iarratas toisc nach gcomhlíonann an t-eintiteas na ceanglais de bhun an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 nó de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014, níl an t-eintiteas i dteideal aisíocaíocht a fháil ar an táille íoctha. Tar éis eintiteas a chlárú nó a údarú mar shásra tuairiscithe cláraithe, seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig an eintiteas ar an táille atá fágtha ina bhfuil 50 % de chomhpháirt na buntáille cláraithe de bhun phointe (a) d'Airteagal 6(1) agus, mura ndearbhóidh an sásra tuairiscithe cláraithe nach dtuairisceoidh sé ach sonraí bunúsacha, comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt de bhun Airteagal 7(4).

(4) Maidir le sásraí tuairiscithe cláraithe nach mbeidh údaraithe nó cláraithe a thuilleadh ag an nGníomhaireacht, ní bheidh siad i dteideal aon aisíocaíocht ar tháillí íoctha ná i dteideal aon táille a bheidh dlite a tharscaoileadh.

*Airteagal 5*

**Oibleagáid táillí a íoc: Ardáin Faisnéise ón Taobh Istigh**

(1) Íocfaidh gach ardán faisnéise ón taobh istigh táille bhliantúil EUR 15 000.

(2) I gcás ina mbeadh suim na dtáillí aonair arna ríomh le haghaidh gach sásra tuairiscithe chláraithe de bhun Airteagal 6 agus na dtáillí aonair a bheidh ar gach ardán faisnéise ón taobh istigh a íoc de bhun mhír 1 níos mó ná an méid atá le cumhdach le táillí de bhun Airteagal 3(2), laghdaítear an táille bhliantúil a bheidh ar gach ardán faisnéise ón taobh istigh a íoc trína hiolrú faoi fhachtóir laghdaithe a ríomhfar mar a leanas:

$$\textit{Fachtóir laghdaithe} = \frac{\text{Méid de bhun Airteagal } 3(2)}{\text{Suim na dtáillí aonair arna ríomh de bhun Airteagal } 5(1) \text{ agus Airteagal } 6\ (1) \text{ go } (7)}$$

(3) Faoin 31 Eanáir gach bliain ar a dhéanaí seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig gach ardán faisnéise ón taobh istigh le haghaidh na táille bliantúla atá le híoc laistigh de sprioc-am 4 seachtaine.

(4) I gcás ina ndéanann eintiteas iarratas ar bheith ina ardán faisnéise ón taobh istigh, seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig an eintiteas arb ionann é agus 50 % den táille de bhun mhír 1 agus ní ghlacfaidh sí leis an iarratas go dtí go n-íocfar an sonrasc. I gcás ina ndiúltaíonn an Ghníomhaireacht don iarratas toisc nach gcomhlíonann an t-eintiteas na ceanglais de bhun an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, níl an t-eintiteas i dteideal aisíocaíocht a fháil ar an táille íoctha. Tar éis eintiteas a údarú mar ardán faisnéise ón taobh istigh, seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig an eintiteas maidir leis an táille atá fágtha de bhun mhír 1.

(5) Maidir le hardáin faisnéise ón taobh istigh nach mbeidh údaraithe a thuilleadh ag an nGníomhaireacht, ní bheidh siad i dteideal aon aisíocaíocht ar tháillí íoctha ná i dteideal aon táille a bheidh dlite a tharscaoileadh.

*Airteagal 6*

**Táillí bliantúla aonair le haghaidh sásraí tuairiscithe cláraithe a ríomh**

(1) Is éard a bheidh sa táille bhliantúil nach mór do shásra tuairiscithe cláraithe a íoc suim na gcomhpháirteanna seo a leanas:

(a) comhpháirt na buntáille cláraithe de EUR 15 000;

(b) i gcás inarb infheidhme, comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint arna ríomh de bhun mhír 2;

(c) i gcás inarb infheidhme, méid ceartúcháin deimhneach nó diúltach chun difríochtaí a chothromú idir comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint a íocadh an bhliain roimhe sin agus comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint a d'íocfaí de réir an tuairiscithe iarbhír an bhliain sin;

(d) comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt arna ríomh de bhun Airteagal 7, ach amháin i gcás nach bhfuil ach sonraí bunúsacha á dtuairisciú ag sásra tuairiscithe cláraithe;

(e) i gcás inarb infheidhme, méid ceartúcháin deimhneach nó diúltach chun difríochtaí a chomhardú idir comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh an bhliain roimhe sin agus comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a d'íocfaí de réir an tuairiscithe iarbhír an bhliain sin.

(2) Déantar comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a ríomh trí na tuarascálacha ar neamhchosaint uile a fhaightear ó shásraí tuairiscithe cláraithe an bhliain roimhe sin a shuimiú agus an tsuim sin a iolrú faoi EUR 250.

(3) Déantar an méid ceartúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 a ríomh trí chomhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint a íocadh an bhliain roimhe sin a dhealú ó chomhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint arna ríomh an bhliain reatha.

(4) Ní bheidh méid ceartúcháin diúltach dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 níos airde ná comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint arna ríomh le haghaidh na bliana reatha.

(5) Déantar an méid ceartúcháin dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 a ríomh trí chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh an bhliain roimhe sin a dhealú ó chomhpháirt na táille bunaithe ar thaifid an idirbhirt arna ríomh sa bhliain reatha.

(6) I gcás sásra tuairiscithe cláraithe nua a cláraíodh nó a údaraíodh an bhliain roimhe sin, déantar an méid ceartúcháin de bhun phointe (e) de mhír 1 a ríomh tríd an méid de bhun Airteagal 7(4) a dhealú ó chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt arna ríomh sa bhliain reatha de bhun Airteagal 7(5) tar éis an chomhpháirt sin a roinnt ar 365 agus a iolrú faoi líon na laethanta féilire idir an dáta clárúcháin agus deireadh na bliana roimhe sin.

(7) Ní bheidh méid ceartúcháin diúltach dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 níos airde ná comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt arna ríomh le haghaidh na bliana reatha.

(8) I gcás ina mbeadh suim na dtáillí aonair arna ríomh le haghaidh gach sásra tuairiscithe chláraithe de bhun mhír 1 go dtí mír 7 thuas agus na dtáillí aonair a bheidh ar gach ardán faisnéise ón taobh istigh a íoc de bhun Airteagal 5(1) níos mó ná an méid atá le cumhdach le táillí de bhun Airteagal 3(2), laghdaítear an táille aonair a bheidh ar gach ardán faisnéise ón taobh istigh a íoc trína iolrú faoi fhachtóir laghdaithe a ríomhfar mar a leanas:

$$\textit{Fachtóir laghdaithe} = \frac{\text{Méid de bhun Airteagal } 3(2)}{\text{Suim na dtáillí aonair arna ríomh de bhun Airteagal } 5(1) \text{ agus Airteagal } 6\ (1) \text{ go } (7)}$$

*Airteagal 7*

**Comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a ríomh**

(1) Ríomhtar comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt ar bhonn thaifid an idirbhirt a thuairiscigh gach sásra tuairiscithe cláraithe an bhliain roimhe sin mar a leanas:

(a) Sainaithníonn an Ghníomhaireacht braislí sonraí an tsásra tuairiscithe chláraithe ar leith. Beidh ceann amháin de na nithe seo a leanas i mbraisle sonraí amháin:

(i) na taifid idirbhirt uile lena dtuairiscítear táirgí mórdhíola fuinnimh de bhun Airteagal 7c agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a thuairiscítear don Ghníomhaireacht ar bhonn leanúnach nó tréimhsiúil a eascraíonn as rannpháirtí sonrach sa mhargadh a úsáideann ionad margaidh eagraithe sonrach;

(ii) gach taifead idirbhirt lena dtuairiscítear táirgí mórdhíola fuinnimh de bhun Airteagal 7c agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 a thuairiscítear don Ghníomhaireacht ar bhonn leanúnach nó tréimhsiúil a eascraíonn as rannpháirtí sonrach sa mhargadh gan ionad margaidh eagraithe a úsáid;

(b) i gcás gach ceann de na braislí sonraí dá dtagraítear i bpointe (a), sainaithneoidh an Ghníomhaireacht an fho-chomhpháirt táille de bhun mhír 2 nó mhír 3;

(c) is ionann comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt agus suim na bhfo-chomhpháirteanna a shainaithnítear de bhun phointe (b).

(2) Is iad seo a leanas na fo-chomhpháirteanna táille in aghaidh na braisle sonraí do thaifid idirbhirt de bhun fhomhír (i) de phointe (a) de mhír 1:

| Taifid idirbhirt in aghaidh na braisle sonraí | Fo-chomhpháirt táille in EUR |
|---|---|
| 1 go 100 | 250 |
| 101 go 1 000 | 500 |
| 1 001 go 10 000 | 1 000 |
| 10 001 go 100 000 | 2 000 |
| 100 001 go dtí suas le 1 mhilliún | 4 000 |
| Níos mó ná 1 mhilliún go dtí suas le 10 milliún | 8 000 |
| Níos mó ná 10 mhilliún go dtí suas le 100 milliún | 16 000 |
| Níos mó ná 100 milliún go dtí suas le 1 bhilliún | 32 000 |
| Níos mó ná 1 bhilliún go dtí suas le 2 bhilliún | 64 000 |
| Níos mó ná 2 bhilliún | 96 000 |

(3) Is iad seo a leanas na fo-chomhpháirteanna táille in aghaidh na braisle sonraí le haghaidh taifid idirbhirt de bhun fhomhír (ii) de phointe (a) de mhír 1:

| Taifid idirbhirt in aghaidh na braisle sonraí | Fo-chomhpháirt táille in EUR |
|---|---|
| 1 go 10 | 250 |
| 11 go 100 | 500 |
| 101 go 1 000 | 1 000 |
| 1 001 go 10 000 | 2 000 |
| 10 001 go 100 000 | 4 000 |
| 100 001 go dtí suas le 1 mhilliún | 8 000 |
| Níos mó ná 1 mhilliún go dtí suas le 10 milliún | 16 000 |
| Níos mó ná 10 milliún | 32 000 |

(4) I gcás sásra tuairiscithe cláraithe nua, is é EUR 100 comhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt i mbliain an chlárúcháin le haghaidh gach lae féilire ó lá an údaraithe nó an chláraithe go dtí deireadh na bliana. Féadfaidh an sásra tuairiscithe cláraithe agus an Ghníomhaireacht teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le méid difriúil chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an tuairisciú a bhfuiltear ag súil leis ón sásra tuairiscithe cláraithe.

(5) I gcás sásra tuairiscithe cláraithe nua a údaraíodh nó a cláraíodh an bhliain roimhe sin, déantar líon na dtaifead idirbhirt le haghaidh gach braisle sonraí a choigeartú sula sainaithnítear na fo-chomhpháirteanna táille ar leith mar a leanas:

$$\textit{Méid coigeartaithe} = \frac{\textit{Líon na dtaifead idirbhirt arna thuairisciú sa bhliain roimhe sin} * 365}{\textit{Laethanta féilire idir an dáta clárúcháin agus deireadh na bliana roimhe sin}}$$

*Airteagal 8*

**Coigeartú boilscithe**

(1) I gcás ina bhfuil suim na dtáillí aonair arna ríomh do gach sásra tuairiscithe cláraithe de bhun Airteagal 6(1) go dtí Airteagal 6(7) agus na táillí arna sonrascadh chuig ardáin faisnéise ón taobh istigh de bhun Airteagal 5(1) níos ísle ná na costais incháilithe a shainaithnítear de bhun Airteagal 3(1), déantar na méideanna a leagtar síos in Airteagal 5(1), Airteagal 6(1) pointe (a), Airteagal 6(2), Airteagal 7(2), Airteagal 7(3) agus Airteagal 7(4) a mhéadú faoi ráta boilscithe an Aontais le héifeacht an bhliain dár gcionn.

(2) Is é ráta boilscithe an Aontais atá le húsáid an ráta athraithe 'ICPT Eurostat (Na hítimí uile) — an tAontas Eorpach na tíortha uile' le 12 mhí anuas a foilsíodh i mí na Bealtaine roimh an mbliain ina mbeidh éifeacht ag an méadú.

(3) Foilseoidh an Ghníomhaireacht na méideanna méadaithe dá dtagraítear i mír 1 ar a dhéanaí faoin 30 Meitheamh an bhliain roimh an mbliain ina mbeidh éifeacht leis an méadú.

*Airteagal 9*

**Forfheidhmiú**

(1) Beidh na sonraisc a sheolfaidh an Ghníomhaireacht de bhun Airteagal 4(2), Airteagal 4(3), Airteagal 5(3) nó Airteagal 5(4) ina nótaí dochair de bhun Airteagal 71 de Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta.

(2) Glacfaidh an Ghníomhaireacht na céimeanna dlí uile is iomchuí chun íocaíocht iomlán na sonrasc arna n-eisiúint a áirithiú trí rialacha ábhartha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na rialacha sin maidir le hús mainneachtana agus aisghabháil.

(3) I gcás ina bhfuil an sásra tuairiscithe cláraithe thar am an táille a íoc ar feadh mí amháin ar a laghad, féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh cumas an tsásra tuairiscithe chláraithe maidir le sonraí a thuairisciú don Ghníomhaireacht a dhíchumasú go dtí go n-íocfar an táille ina hiomláine.

*Airteagal 10*

**Rialacha idirthréimhseacha in 2025**

(1) Laistigh de 2 sheachtain ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, seolfaidh an Ghníomhaireacht sonrasc chuig gach sásra tuairiscithe cláraithe le haghaidh formhuirear atá le híoc laistigh de 4 seachtaine.

(2) Déantar an formhuirear sin atá le híoc ag gach sásra tuairiscithe cláraithe a ríomh mar seo a leanas:

(a) lena sainaithnítear, i gcás gach sásra tuairiscithe chláraithe, an líon rannpháirtithe sa mhargadh a cláraíodh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 an 30 Meitheamh 2025 ar thuairiscigh sásra tuairiscithe cláraithe taifid idirbhirt ina leith sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2025;

(b) achoimre a dhéanamh ar líon na rannpháirtithe sa mhargadh arna sainaithint ag gach sásra tuairiscithe cláraithe de bhun phointe (a);

(c) an uimhir a sainaithníodh de bhun phointe (a) a roinnt ar an tsuim de bhun phointe (b) agus an toradh a iolrú faoi EUR 7,6 milliún.

*Airteagal 11*

**Rialacha idirthréimhseacha in 2026**

(1) I gcás in 2026 go bhfuil suim na dtáillí aonair arna ríomh le haghaidh gach sásra tuairiscithe chláraithe de bhun Airteagal 6(1) go dtí Airteagal 6(7) agus na táillí atá le sonrascadh chuig ardáin faisnéise ón taobh istigh de bhun Airteagal 5(1) níos ísle ná an méid arna bhuiséadú mar ioncam ó tháillí in 2026 mar a leagtar síos i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta le haghaidh 2026-2028, áireofar formhuirear sna sonraisc a sheolfar amach de bhun Airteagal 4(2).

(2) Is éard a bheidh i suim na bhformhuirear sin an difríocht idir an méid arna bhuiséadú mar ioncam ó tháillí in 2026 mar a leagtar síos i nDoiciméad Clársceidealaithe na Gníomhaireachta le haghaidh 2026-2028 nó EUR 23,5 milliún, cibé acu den dá luach is ísle, agus suim na dtáillí aonair arna ríomh le haghaidh gach sásra tuairiscithe chláraithe de bhun Airteagal 6(1) go dtí Airteagal 6(7) mar aon le suim na dtáillí arna sonrascadh chuig ardáin faisnéise ón taobh istigh de bhun Airteagal 5(1).

(3) Déantar an formhuirear atá le háireamh sa sonrasc atá le híoc ag sásra tuairiscithe cláraithe a ríomh trí líon na mbraislí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a) a shainaithnítear don sásra tuairiscithe cláraithe sin agus an táille bhliantúil aonair á ríomh i mí Eanáir 2026 a roinnt ar shuim an lín braislí sonraí a sainaithníodh le haghaidh na sásraí tuairiscithe cláraithe uile i mí Eanáir 2026 agus an toradh a iolrú faoin difríocht dá dtagraítear i mír 2.

(4) De mhaolú ar Airteagal 6(5), in 2026 déantar an méid ceartúcháin dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 6(1) a ríomh trí chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a íocadh in 2025 a dhealú ón luach a bheadh mar thoradh ar chomhpháirt táille taifeadbhunaithe an idirbhirt a ríomh in 2026 agus na luachanna san Iarscríbhinn á n-úsáid.

(5) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6(1), pointe (b), Airteagal 6(1), pointe (c), Airteagal 6(2) ná Airteagal 6(3) maidir leis na táillí a thoibheofar in 2026.

*Airteagal 12*

**Rialacha idirthréimhseacha eile**

(1) De mhaolú ar Airteagal 6(2), a luaithe a bheidh an oibleagáid maidir le tuarascáil ar neamhchosaint infheidhme (an bhliain tagartha), déantar comhpháirt na táille bunaithe ar thuarascáil ar neamhchosaint dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b), a ríomh sa bhliain tar éis na bliana tagartha trí na tuarascálacha uile ar neamhchosaint a fhaightear ó shásra tuairiscithe cláraithe sa bhliain tagartha a ríomh, an tsuim sin a roinnt ar líon na dtuarascálacha ar neamhchosaint atá dlite sa bhliain tagartha agus an toradh a iolrú faoi EUR 1 000.

(2) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6(1), pointe (c) ná Airteagal 6(3) maidir leis na táillí a thoibheofar sa bhliain féilire tar éis na bliana tagartha.

*Airteagal 13*

**Meastóireacht**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Chinnidh seo cúig bliana tar éis a theacht i bhfeidhm agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

*Airteagal 14*

**Aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/2152.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Na fo-chomhpháirteanna táillí in aghaidh na braisle sonraí le haghaidh

(a) taifid idirbhirt de bhun na dtaifead idirbhirt uile lena dtuairiscítear táirgí mórdhíola fuinnimh de bhun phointe (a) d'Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 a eascraíonn as rannpháirtí sonrach sa mhargadh agus ionad margaidh eagraithe sonrach á úsáid;

(b) agus na taifid idirbhirt uile lena dtuairiscítear táirgí mórdhíola fuinnimh de bhun phointe (b) d'Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 a eascraíonn as rannpháirtí sonrach sa mhargadh:

agus is iad seo a leanas iad:

| Taifid idirbhirt in aghaidh na braisle sonraí | Fo-chomhpháirt táille in EUR |
|---|---|
| 1 go 1 000 | 250 |
| 1 001 go 10 000 | 500 |
| 10 001 go 100 000 | 1 000 |
| 100 001 go 1 mhilliún | 2 000 |
| Níos mó ná 1 mhilliún go dtí suas le 10 milliún | 4 000 |
| Níos mó ná 10 mhilliún go dtí suas le 100 milliún | 8 000 |
| Níos mó ná 100 milliún | 16 000 |

Is iad seo a leanas na fo-chomhpháirteanna táille in aghaidh na braisle sonraí le haghaidh na dtaifead idirbhirt uile lena dtuairiscítear táirgí mórdhíola fuinnimh de bhun phointe (a) d'Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 a eascraíonn as rannpháirtí sonrach sa mhargadh gan ionad margaidh eagraithe a úsáid:

| Taifid idirbhirt in aghaidh na braisle sonraí | Fo-chomhpháirt táille in EUR |
|---|---|
| 1 go 100 | 250 |
| 101 go 1 000 | 500 |
| 1 001 go 10 000 | 1 000 |
| 10 001 go 100 000 | 2 000 |
| 100 001 go 1 mhilliún | 4 000 |
| Níos mó ná 1 mhilliún go dtí suas le 10 milliún | 8 000 |
| Níos mó ná 10 milliún | 16 000 |